



## BEARTAS NUÁLAÍOCHTA

Tá ról méadaitheach ag an nuálaíocht inár ngeilleagar. Soláthraíonn sí buntáistí do shaoránaigh, mar thomhaltóirí agus mar oibrithe araon. Tá sí ríthábhachtach chun poist níos fearr a chruthú, chun sochaí níos glaise a thógáil, chun ár gcáilíocht saoil a fheabhsú, agus chun iomaíochas AE sa mhargadh domhanda a choinneáil. Is é beartas nuálaíochta an comhéadan idir beartas taighde agus forbartha teicneolaíche agus beartas tionsclaíochta, agus tá sé mar aidhm aige creat a chruthú a spreagfadh smaointe nua chun an mhargaidh.

### AN BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí do bheartas ginearálta tionsclaíochta AE, ina sonraítear go 'bhféachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige go mbeidh na dálaí is gá ann chun cumas iomaíochta thionscal an Aontais a áirithiú'.

Is é 179 go hAirteagal 190 CFAE is bunús dlí le beartas AE maidir le taighde agus forbairt theicneolaíoch. Is é an Creachlár ilbhliantúil an phríomhionstraim de bheartas taighde agus forbartha teicneolaíche AE, lena leagtar amach cuspóirí, tosaíochtaí agus pacáiste tacaíochta airgeadais go ceann roinnt mhaith blianta. Is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a ghlacann na Creachláir um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

### CUSPÓIRÍ

Aithnítear go forleathan a thábhachtaí atá beartas nuálaíochta. Tá sé nasctha go mór freisin le beartais AE eile, amhail beartais maidir le fostaíocht, iomaíochas, an comhshaoil, tionscal agus fuinneamh. Is é ról na nuálaíochta torthaí taighde a aistriú ina seirbhísí agus ina dtáirgí nua agus níos fearr chun a bheith iomaíoch i gcónaí ar an margadh domhanda agus chun cáilíocht saoil shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú.

San Eoraip gach bliain caitear 0.8 % níos lú de OTI ar thaighde agus ar fhorbairt ná sna Stáit Aontaithe agus 1.5 % níos lú ná sa tSeapáin. Sa bhreis air sin, téann roinnt daoine oilte ar imirce, agus ár dtaighdeoirí agus ár nuálaithe is fearr ag bogadh go dtí tíortha ina bhfuil coinníollacha níos fabhraí. Cé gurb é margadh AE an ceann is mó ar domhan, tá sé ilroinnte go fóill agus níl sé fabhrach a dhóthain don nuálaíocht.

D'fhonn na treochnaí sin a athrú, tá coincheap an 'Aontais Nuálaíochta' forbartha ag AE, a bhfuil sé mar aidhm aige:



- gníomhaí eolaíochta den chéad scoth a dhéanamh den Eoraip;
- deireadh a chur le bacainní ar an nuálaíocht — amhail paitinniú costasach, ilroinnt an mhargaidh, moill chun caighdeán a shocrú agus ganntanais scileanna — a chuireann cosc faoi láthair ar smaointe teacht go tapaídh chun an mhargaidh;
- an bealach ina oibríonn an earnáil phoiblí agus phríobháideach i gcomhar lena chéile a athrú ó bhonn, go háirithe trí Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta a chur chun feidhme idir institiúidí AE, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus údaráis gnó.

Is infheistíocht ríthábhachtach inár dtodhchaí é an tAontas Nuálaíochta. Mar shampla, tríd an sprioc maidir le 3 % de OTI AE a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt theicneolaíoch faoi 2020, d'fhéadfaí 3.7 milliún post a chruthú agus d'fhéadfadh méadú EUR 795 bhiliún teacht ar OTI bliantúil faoi 2025.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. An tAontas Nuálaíochta

Is ceann amháin de sheacht dtionscamh shuaitheanta de chuid straitéis 2020 do gheilleagar atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach é an tAontas Nuálaíochta. Is é an Coimisiún Eorpach a sheol é i mí Dheireadh Fómhair 2010, agus is é is aidhm leis feabhas a chur ar choinníollacha agus rochtain ar mhaoiniú le haghaidh taighde agus nuálaíocht san Eoraip, chun go bhféadfar smaointe nuálacha a iompú ina dtáirgí agus ina seirbhísí a chruthaíonn fás agus fostaíocht. Tá sé mar aidhm ag an Aontas Nuálaíochta fíormhargadh aonair Eorpach don nuálaíocht a chruthú, a mheallfadh cuideachtaí agus gnólachtaí nuálacha. Chun é sin a bhaint amach, moladh bearta éagsúla i réimsí amhail cosaint paitinne, caighdeánú, soláthar poiblí agus rialáil chliste. Tá sé mar aidhm ag an Aontas Nuálaíochta infheistíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh freisin agus moltar, i measc nithe eile, infheistíochtaí caipitil fiontair Eorpacha a mhéadú.

Tugadh isteach roinnt ionstraimí chun an staid agus an dul chun cinn atá á dhéanamh in AE a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu:

- [Scórchlár an Aontais Nuálaíochta](#) atá cuimsitheach agus atá bunaithe ar 25 tháscaire, agus margadh faisnéise Eorpach le haghaidh paitinní agus ceadúnaithe. Is ionstraim de chuid an Choimisiúin é an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta a forbraíodh faoi Straitéis Liospóin chun measúnú comparáideacha a dhéanamh ar fheidhmíocht nuálach Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- [Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí](#) a dhéanann réigiúin AE a aicmiú i gceithre ghrúpa maidir le feidhmiú nuálaíochta, faoi mar a dhéantar le Scórchlár an Aontais Nuálaíochta. Tá 41 réigiún sa chéad ghrúpa de 'cheannairí nuálaíochta', tá 58 réigiún sa dara grúpa de 'leantóirí nuálaíochta', tá 39 réigiún ina 'nuálaithe measartha mór' agus tá 52 réigiún sa cheathrú grúpa de 'nuálaithe measartha beag'. Tugann sé sin léargas níos cruinne ar an nuálaíocht ar an leibhéal áitiúil.
- an Baraiméadar Nuálaíochta, suirbhé tuairimí bliantúil a dhéantar i measc gnólachtaí agus an phobail i gcoitinne ar dhearcaí agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le beartais nuálaíochta. Le suirbhé an bharaméadair nuálaíochta,



soláthraítear faisnéis atá ábhartha ó thaobh beartais de agus nach féidir a fháil ó fhoinsí eile.

Tá nuálaíocht indéanta a bhuí le taighde agus le hoideachas. Bheadh gá ag AE le milliún taighdeoirí breise ar a laghad sna deich mbliana romhainn amach chun an sprioc, 3 % de OTI AE a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt theicneolaíoch, a bhaint amach faoi 2020. Tá bearta molta ag an Aontas Nuálaíochta chun an Limistéar Eorpach Taighde a thabhairt i gcrích. Is ionann sin agus níos mó comhleanúnachais idir beartais taighde Eorpacha agus náisiúnta a thabhairt isteach, agus bacainní ar shoghluaisteacht taighdeoirí a bhaint. Maidir le cúrsaí oideachais, tacaíonn an Coimisiún le tionscadail chun curaclaim nua a fhorbairt ina rachfar i ngleic le bearnaí scileanna nuálaíochta.

Thairis sin, moladh bearta éagsúla i réimsí amhail cosaint paitinne, caighdeánú, soláthar poiblí agus rialáil chliste chun cuideachtaí agus gnólachtaí nuálacha a mhealladh. In 2011, tharraing an Coimisiún suas straitéis chun caighdeánú Eorpach a neartú ([COM\(2011\) 0315](#)), inar leagadh béim ar an ngá le feabhas a chur ar an modh chun caighdeán a shocrú agus le húsáid caighdeán san Eoraip chun caighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta a ghíaráil chun leasa iomaíochas fadtéarmach thionscal na hEorpa. Sa bhreis air sin, ceapadh Comhpháirtíochtaí Eorpacha sa Nuálaíocht chun geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile ag leibhéal réigiúnacha, náisiúnta agus AE chun dul i ngleic le dúshlán mhóra na sochaí agus chun cabhrú le poist agus fás a chruthú trí bhearta a dhírítear ar an soláthar nó ar an éileamh a chomhcheangal.

## **B. Fís 2020**

Mar thionscnamh suaitheanta de chuid Eoraip 2020 lena ndírítear ar iomaíochas domhanda na hEorpa a dhaingniú, is faoin ionstraim airgeadais Fís 2020 a fhoráiltear do chur chun feidhme an Aontais Nuálaíochta. Cé gurb é 8ú Creatchlár AE (2014-2020) um thaighde é, is é Fís 2020 an chéad chlár chun taighde agus nuálaíocht a chomhtháthú. Déanann sí cuid mhór de ghealltanais an Aontais Nuálaíochta achtú, go háirithe trí dhíriú ar fhíordhúshlán na sochaí, trí rochtain a shimpliú, trí pháirt a thabhairt do FBManna, trí ionstraimí airgeadais a neartú, trí thacú le soláthar poiblí nuálaíochta, trí chomhoibriú a éascú, agus trí thacú leis an taighde ar nuálaíocht na hearnála poiblí agus ar an nuálaíocht shóisialta. I mí na Samhna 2013, ghlac an Pharlaimint an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI), faoina leithdháiltear buiséad EUR 77 milliún (ar phraghsanna 2013) ar Fhís 2020. Laghdaíodh an figiúr sin, áfach, de bharr ghlacadh an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) go EUR 74.8 billiún i Meitheamh 2015.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil measúnú eatramhach ar Fhís 2020 ina cheanglas éigeantach sa Rialachán lena bunáíodh Fís 2020. Rinneadh an measúnú eatramhach sin in 2018 agus rannchuidigh sé le feabhas a chur ar chur chun feidhme Fhís 2020. Go deimhin, úsáideadh na torthaí chun bonn a leagan síos do struchtúr agus d'inneachar chlár Fhís na hEorpa, a raibh togra foilsithe ina thaobh i Meitheamh 2018 ([COM\(2018\)0435](#)).



### C. Beartas comhtháthaithe

Dírítear le beartas comhtháthaithe ar thaighde agus ar nuálaíocht freisin. I réigiúin atá níos forbartha, leithdháiltear 80% ar a laghad d'acmhainní ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) ar an leibhéal náisiúnta ar an nuálaíocht, agus is iad geilleagar ísealcharbóin agus FBManna iomaíocha na tosaíochtaí.

### D. Ionstraimí airgeadais

Tá sé mar aidhm ag an Aontas Nuálaíochta infheistíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh freisin agus moltar, i measc nithe eile, infheistíochtaí caipitil fiontair Eorpacha a mhéadú, arb ionann iad faoi láthair agus an ceathrú cuid den leibhéal sna Stáit Aontaithe. Chun rochtain ar iasachtaí a fheabhsú le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha agus chun tionscadail taispeána a sheoladh, rinne an Coimisiún, i gcomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta), tionscnamh comhphárteach a sheoladh faoi Fhís 2020. Is sraith uirlisí airgeadais agus seirbhísí comhairliúcháin comhtháite agus comhlántacha í 'InnovFin – Maoiniú ón Aontas Eorpach do Nuálaithe' atá curtha ar fáil ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, lena cumhdaítear slabhra breisluach uile um thaighde agus nuálaíocht chun tacú le hinfeistíochtaí ón bhfiontar is lú go dtí na fiontair is mó.

Sa bhreis air sin, i mí na Samhna 2014 mhol an Coimisiún a 'Phlean Infheistíochta don Eoraip' chun EUR 315 bhiliún ar a laghad a fhuascailt le haghaidh hinfeistíochtaí poiblí agus príobháideacha san 'fhíorgheilleagar' thar thréimhse fhioscach trí bliana. Ceann de trí cholún den 'Phlean Infheistíochta don Eoraip' is ea CEIS agus tá sé mar aidhm aige clistí reatha sa mhargaidh a shárú trí dhul i ngleic leis na bearnaí sa mhargadh agus infheistíocht phríobháideach a shlógadh. Cabhraíonn sé le hinfeistíochtaí straitéiseacha a mhaoiniú i réimsí tábhachtacha amhail bonneagar, taighde agus nuálaíocht, oideachas, fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, mar aon le maoiniú riosca do FBManna.

Thairis sin, tugadh isteach freisin clár um lomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME) chun díriú ar ionstraimí airgeadais agus tacaíocht a chur ar fáil d'idirnáisiúnta FBManna.

### E. An Chomhairle Nuálaíochta

I mí an Mheithimh 2015, d'fhógair Carlos Moedas, an Coimisinéir atá freagrach as taighde, eolaíocht agus nuálaíocht, an smaoineamh maidir leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. In mí Eanáir 2017, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Ardleibhéil Nuálaithe, a bhfuil 15 bhall páirteach ann agus a chabhróidh chun Comhairle Nuálaíochta Eorpach fhéideartha a mhúnlú faoi chuimsiú na dtograí ón gCoimisiún maidir leis an gclár a thiocfaidh i ndiaidh Fhís 2020.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ghlac an Pharlaimint an iliomad rún lenar neartaíodh beartas nuálaíochta AE tuilleadh. Liostaítear roinnt de na cinn is déanaí thíos:



- Rún an 22 Bealtaine 2008 maidir leis an ‘Athbhreithniú meántearma ar bheartas tionsclaíoch: rannchuidiú le Straitéis AE do phoist agus don fhás’<sup>[1]</sup>. Leis an rún sin, áitíodh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a mhéadú chun an t-ualach riaracháin atá ar fhiontair a laghdú. Leagadh béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le beartas trédhearcach simplithe le haghaidh cearta maoinne intleachtúla;
- Rún an 16 Meitheamh 2010 maidir le Straitéis 2020 AE<sup>[2]</sup>. Tugtar tacaíocht mhór sa rún sin do bheartas tionsclaíoch a bhfuil sé mar aidhm aige an timpeallacht is fearr a chruthú chun bonn tionsclaíoch atá láidir, iomaíoch agus éagsúil a chothabháil agus a fhorbairt san Eoraip agus, san am céanna, cuirtear i bhfios gur cheart go nochtfaí faoi Straitéis 2020 na costais agus buntáistí a ghabhann le haistriú go geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh.
- Rún an 11 Samhain 2010 maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha sa Nuálaíocht laistigh de thionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta<sup>[3]</sup>.
- Rún an 9 Márta 2011 maidir le Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe<sup>[4]</sup>. Cuireadh i bhfios sa rún sin a thábhachtaí atá fíís níos cuimsithí de thionscal na hEorpa in 2020, ós rud é go meastar go bhfuil intuathacht agus cobhsaíocht rialála fhadtéarmach bunriachtanach chun infheistíocht a mhealladh.
- Rún an 12 Bealtaine 2011 maidir leis an Aontas Nuálaíochta: an Eoraip a chlaochlú don domhan iar-ghéarchéime<sup>[5]</sup>;
- Rún an 27 Meán Fómhair 2011 maidir leis an bPáipéar Uaine dar teideal: Ó dhúshláin go deiseanna: I dtreo Comhchreata Straitéisigh le haghaidh cistiúchán AE don Taighde agus don Nuálaíocht<sup>[6]</sup>;
- Rún an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an gClár Oibre do Scileanna nua agus do Phoist. Leagadh béim sa rún sin ar a thábhachtaí atá sé comhar níos dlúithe a fhorbairt idir institiúidí taighde agus tionscal, agus cuideachtaí tionsclaíochta a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh infheistiú sa taighde agus san fhorbairt<sup>[7]</sup>;
- Rún an 21 Samhain 2013 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fíís 2020 — an Creatchlár um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)<sup>[8]</sup>;
- Rún an 6 Iúil 2016 maidir le sineirgí don nuálaíocht: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Fíís 2020 agus cistí nuálaíochta Eorpacha eile agus cláir AE<sup>[9]</sup>;

[1] IO C 279 E, 19.11.2009, lch. 65.

[2] IO C 236 E, 12.8.2011, lch. 57.

[3] IO C 74 E, 13.3.2012, lch. 11.

[4] IO C 199 E, 7.7.2012, lch. 131.

[5] IO C 377 E, 7.12.2012, lch. 108.

[6] IO C 56 E, 26.2.2013, lch. 1.

[7] IO C 131 E, 8.5.2013, lch. 87.

[8] IO C 436, 24.11.2016, lch. 284.

[9] IO C 101, 16.3.2018, lch. 111.



Frédéric Gouardères  
04/2019

